

Scéim Teanga 2008-2011 Údaráis Áitiúla Chontae Mhuineacháin

Teachtaireacht ó Bhainisteoir an Chontae

Fearaim fáilte roimh an Scéim Teanga seo atá forbartha ag Údaráis Áitiúla Mhuineacháin faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is í príomhaidhm na scéime ná tacú le dul chun cinn na Gaeilge sa chontae.

Is deis í an scéim seo dár gComhairle chun cur lena bhfuil d'obair déanta cheana féin. Cuideoidh sí go mór le tuiscint, le labhairt agus le scríobh na teanga. Tá trí bliana os ár gcomhair chun na tiomantais a leagtar amach san reachtaíocht a chomhlíonadh. Déanfar monatóireacht leanúnach ar fhorfheidhmiú na scéime i rith na tréimhse sin. Ullmhaíodh an scéim i gcomhairle leis na baill. Tá a mbuantacaíocht siúd tugtha acu don phróiseas seo.

Tá an Chomhairle meáite seirbhísí as Gaeilge a chur ar fáil. Cuirimid fáilte roimh dhuine ar bith sa phobal a bhfuil fonn air nó uirthi déileáil linn trí mheán na Gaeilge. Is é mana Chomhairle Contae Mhuineacháin ná **“Dúthracht agus Dícheall”**. Táimid in ann chuig an obair shuimiúil atá romhainn!

Teachtaireacht ón Méara

Mar Mhéara ar Chontae Mhuineacháin is cúis mhór áthais dom an scéim seo a thabhairt isteach - Scéim Ghaeilge de chuid Údaráis Áitiúla Mhuineacháin. Tá cur síos inti ar an bhforbairt a dhéanfar ar úsáid na Gaeilge sa todhchaí agus ar na seirbhísí as Gaeilge a chuirfidh Údaráis Áitiúla Mhuineacháin ar fáil.

Limistéar is ea Contae Mhuineacháin a thug tacaíocht don Ghaeilge le blianta fada. Tá trí bhunscoil lán-Ghaeilge agus iarbhunscoil lán-Ghaeilge sa chontae. Ba iad na múinteoirí Gaeilge i ngach scoil a choimeád an Ghaeilge beo i rith na mblianta ó aimsir an Ghorta Mhóir ar aghaidh. Níl amhras ar bith orm ach go bhfeicfidimid Ollscoil lán-Ghaeilge sa taobh seo tíre amach anseo.

Is léir go bhfuil suim ag an bpobal sa teanga agus tá sé ar intinn ag Údaráis Áitiúla Mhuineacháin an tsuim sin a chothú.

Is Ultaigh muid. Toisc an contae seo a bheith in aice na teorann d'fhéadfaí a rá gur droichead muid idir an Tuaisceart agus an Deisceart. Ach tá droichead ann cheana féin. Is í an Ghaeilge cuid den droichead sin, droichead a nascann daoine le chéile agus a nascfaidh. Beidh Údaráis Áitiúla Mhuineacháin mar lárchuid den nasc sa todhchaí. Tá tús maith déanta againn leis an scéim seo.

Beatha teanga í a labhairt. Tá baill na Foirne agus na Comhairleoirí ag déanamh cuid dá ngnó as Gaeilge cheana féin. Bainfear úsáid as an scéim chun a thuilleadh tacaíochta a thabhairt don Ghaeilge agus do lucht labhartha na teanga sa chontae sna trí bliana atá romhainn. Cuirimis chuige in ainm Dé!

Caibidil 1

1.1 Réamhrá agus Cúlra

Tá Údaráis Áitiúla Mhuineacháin tar éis a Scéim Teanga a ullmhú faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Ullmhaíodh an Scéim seo ag féachaint do na Treoirínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. D'fhoilsigh Comhairle Contae Mhuineacháin fógra sna nuachtáin áitiúla (3 Bealtaine 2007) agus ar www.monaghan.ie (12 Iúil 2007) inar cuireadh in iúl go raibh sé i gceist aici scéim a ullmhú de réir Alt 13(1) (a) den Acht.

Aithníonn Údaráis Áitiúla Mhuineacháin go bhfuil sé de cheart ag ár gcustaiméirí agus ag an bpobal a ngnó a dhéanamh linn sa teanga is rogha leo féin agus go ndéanfar freastal orthu más i nGaeilge nó i mBéarla sin agus iad ag déileáil linn. Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí na Scéime Teanga seo go gcinnteofar go mbainfidh caighdeán níos airde leis na seirbhísí poiblí a bheidh ar fáil i nGaeilge os í an teanga náisiúnta agus céad teanga oifigiúil na tíre í. Is mian le hÚdaráis Áitiúla Mhuineacháin cultúr dátheangach a fhorbairt agus a spreagadh inár gcuid oifigí go léir ionas go n-aireoidh ár gcustaiméirí ar a gcompond agus go mbeidh sé de mhisneach acu déileáil linn i nGaeilge nó i mBéarla.

Tugtar gearrléargas sa scéim seo ar Údaráis Áitiúla Mhuineacháin, ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus ar an méid seirbhísí atá ar fáil cheana féin i nGaeilge, i mBéarla agus go dátheangach.

Tá seirbhísí áirithe a bhfuil gach custaiméir ina dteideal de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, mar shampla freagra a fháil i nGaeilge ar chomhfhreagras a dhéantar i nGaeilge, agus foilseacháin thábhachtacha, mar shampla Tuarascálacha Bliantúla a bheith foilsithe go chomhuaineach sa dá theanga oifigiúil. Tá cosaint ag na cearta seo san Acht thuasluaite agus ní chuirtear síos na cearta sin an athair sa scéim seo. Cuireann an scéim roimpi seirbhísí eile Gaeilge a fheabhsú chomh maith leis na cinn atá dlite orainn faoi chodanna eile den Acht.

1.2 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an sceim daingithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ó 1 Meitheamh 2008 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua daingithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé ceann acu is túisce.

1.3 Forléargas ar Údaráis Áitiúla Mhuineacháin

1.3.1 Straitéis Chorporáideach

Tá straitéis chorparáideach na Comhairle tugtha síos inár bPlean Corparáideach 2004-2009. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe atá ann:

Ráiteas Misin

“Cuirimid romhainn seirbhís d’ardchaighdeán a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais atá ag athrú, feabhas a chur ar chaighdeán saoil inár bpobal trí áisiú agus cur cinn a dhéanamh ar an bhforbairt eacnamúil, shóisialta agus chultúrtha inár gcontae, ach ag an am céanna ag tabhairt cosanta dá thírdhreach uaithiúil agus ag tabhairt aitheantais dá shuíomh le hais na teorann”.

Bunluachanna na hEagraíochta:

- Creidimid go bhfuil an próiséas daonlathach riachtanach d’obair an rialtais áitiúil.
- Tugaimid aitheantas don méid a dhéanann grúpaí Pobail, Sóisialta agus Deonacha san iliomad oibreacha a dhéantar ar mhaithe le pobal an chontae agus aithnímid na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair leis na húdaráis áitiúla.
- Tá ardmheas againn ar shaoránaigh an údaráis áitiúil inár gcontae, a bhfuil seirbhís chuimsithe tuillte acu ó na húdaráis áitiúla.
- Tá a fhios go maith againn gur acmhainn an-luachmhar linn ár mbaill foirne.
- Geallaimid go mbeimid mar áisitheoirí agus lucht seirbhíse do réimse leathan de gheallshealbhóirí a bhfuil a gcuid mór-chúraimí ar nós ár gcuid féin.
- Geallaimid go gcuirfimid ár gcuid seirbhísí ar fáil ar bhealach atá freagrach, oscailte agus trédhearcach agus go mbeimid de shíor ag iarraidh luach ar airgead a chur ar fáil.
- Geallaimid go gcuirfimid forbairt inmharthanach chun cinn inár gcuid gníomhaíochtaí uilig.

Téamaí ag Trasnú a Chéile:

- Contae le Cothromas sa Chuimsiú
- Contae Inbhuanaithe
- Contae Comhoibritheach
- Eagraíocht atá Dírithe ar an gCustaiméir

1.3.2. Forléargas ar Údaráis Áitiúla Mhuineacháin

Séard atá i gceist leis na hÚdaráis Áitiúla Mhuineacháin ná Comhairle Contae Mhuineacháin chomh maith le cúig Chomhairle Baile taobh istigh den chontae: Muineachán, Cluain Eois, Béal Átha Beithe, Baile na Lorgan, agus Carraig Mhachaire Rois.

1.3.3 An áit go Fisiceach

Is iad Údaráis Áitiúla Mhuineacháin na húdaráis atá freagrach as riarachán an chontae ina bhfuil limistéar 1,294.5 km cearnach, daonra atá ag tarraingt ar 56,000 duine agus beagnach 18,600 teaghlach.

Tá pobal bríomhar Gaeilge i gContae Mhuineacháin a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí na nEagraíochtaí Gaeilge ar fud an chontae agus áirítear orthu sin Gaelscoileanna agus Naíonraí. Tá na trí bhunscoil lán-Ghaeilge suite i gCarraig Mhachaire Rois, i mBaile Mhuineacháin agus i gCluain Eois. Tá iarbhunscoil lán-Ghaeilge suite i mBaile Mhuineacháin.

Is fianaise é an rath iontach atá faoi na heagraíochtaí seo ar an spéis atá á léiriú ag an bpobal, ár gcustaiméirí, i nGaeilge agus ar a n-iarrachtaí chun an teanga a choinneáil breá láidir i gContae Mhuineacháin agus tá sé i gceist ag na hÚdaráis Áitiúla forbairt a dhéanamh ar na hiarrachtaí sin agus tacú leo.

1.4 Forléargas ar Sheirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Mhuineacháin

Tá Údaráis Áitiúla Mhuineacháin roinnte go feidhmeach sna Rannóga seo a leanas:

- Tithíocht
- Bóithre agus Iompar
- Seirbhísí Uisce
- Pleanáil & Forbairt Eacnamaíochta
- Cosaint Comhshaoil agus Seirbhísí Cosanta & Éigeandála
- Pobal agus Fiontar agus Seirbhísí Cultúrtha
- Airgeadas
- Motárcháin
- Gnóthaí Corparáideacha
- Acmhainní Daonna
- Córais Eolais

1.5 Príomhionaid Teagmhála na gCustaiméirí

Tá príomhionaid seirbhíse Chomhairle Contae Mhuineacháin suite ag a ceanncheathrú i mBaile Mhuineacháin. Tá ionaid seirbhíse na gcomhairlí baile suite i mBaile Mhuineacháin, i gCarraig Mhachaire Rois, i mBaile na Lorgan agus i gCluain Eois. Tá líonra d'oifigí ceantair agus de leabharlanna ar fud an chontae chomh maith agus bíonn an-teagmháil acu lena gcustaiméirí. Bíonn na baill foirne in iostaí na Comhairle i dteagmháil lenár gcustaiméirí ina dtithe agus sa réimse poiblí. Bíonn idirghníomhaíocht idir an Chomhairle agus raon leathan de Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Comhpháirtithe Sóisialta, Eagraíochtaí Forbartha Pobail (Comhpháirtíochtaí bunaithe sna limistéir agus Grúpaí Leader, mar shampla), Grúpaí Gnó agus Pobail, Cumainn Chónaitheoirí agus araile.

Baintear úsáid fhorleathan as an Idirlíon nuair a bhíonn hÚdaráis Áitiúla ag déileáil lena gcustaiméirí agus tá borradh ag teacht faoin úsáid sin. Meán fíorthábhachtach a bheidh ann ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge de i gContae Mhuineacháin sa todhchaí.

1.6 Taighde a Rinneadh

Nuair a bhí an Scéim seo á hullmhú ag Údaráis Áitiúla Mhuineacháin bhí próiseas comhairliúcháin ar bun ina raibh ceithre pháirt lenar bhain siad seo a leanas:

- (i) Aighneachtaí a lorg ón bpobal maidir le hullmhú na scéime.
- (ii) Iniúchadh inmheánach ar a oilte is atá foireann Údaráis Áitiúla Mhuineacháin ar an nGaeilge agus ar a dtoilteanas déileáil le cliaint trí mheán na Gaeilge. Úsáidfear na torthaí seo mar thagarmharc d'aon mheastóireacht a dhéanfaí sa todhchaí ar dhul chun cinn faoin scéim.
- (iii) Reachtáladh cruinnithe beaga poiblí a mhair uair an chloig sna leabharlanna ar fud an chontae i mí Iúil 2007.
- (iv) Ar an 25 Iúil 2007 reachtáladh cruinniú poiblí deiridh sa Leabharlann i mBaile Mhuineacháin. Tugadh cuireadh d'fhoireann Údaráis Áitiúla Mhuineacháin agus don phobal teacht. Dhírigh na cainteoirí ar ghnéithe éagsúla den Scéim Teanga.

Caibidil 2

Achoimre ar na Seirbhísí/Gníomhaíochtaí a chuireann Rannóga ar fáil agus leibhéil oilteachta i nGaeilge

2.1 Réamhrá

Leagann an Chaibidil seo amach seasamh na rannóg aonair in Údarás Áitiúla Mhuineacháin maidir le gníomhaíochtaí/soláthar seirbhíse agus an leibhéal oilteachta Gaeilge i ngach aon cheann de na rannóga sin.

2.2 Rannóga ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge araon

Níl aon rannóg ábalta ar sheirbhís a chur ar fáil go cuimsitheach trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge faoi láthair.

2.3 Rannóga ag feidhmiú go teoranta trí mheán na Gaeilge

Tá líon áirithe ball foirne sna rannóga seo a leanas ábalta seirbhís dhátheangach a chur ar fáil do chustaiméirí:

- Seirbhís Leabharlainne
- Gnóthaí Corparáideacha
- Bóithre
- Dóiteán agus Smachtú Tógála
- Na hEalaíona

Tá teorainn leis an tseirbhís seo, áfach, agus tá sí ag brath ar na baill foirne seo a bheith i láthair agus iad a bheith ábalta an tseirbhís seo a chur ar fáil i dteannta a ngnáthdualgas sannta. B'obair dheonach gan struchtúr an obair seo a dhéantaí trí mheán na Gaeilge. Bhíodh na baill foirne sin an-chuiditheach san am atá caite agus tá go fóill.

Serbhís Leabharlainne

Tá Leabharlann an Chontae agus ceanncheathrú sheirbhís leabharlainne na Comhairle i gCluain Eois. Tá cúig leabharlann bhraíne scaipte thart timpeall an chontae agus tá seirbhís leabharlainne taistil ar fáil chomh maith a fhreastalaíonn ar scoileanna agus ar limistéir éagsúla nach bhfuil faoi chúram an líonra bhraíne. Tá baint an-mhór ag an seirbhís leabharlainne le hócáidí ealaíon, cultúrtha agus oideachais a chur chun cinn, mar shampla Seachtain na Gaeilge. Tríd is tríd tá caighdeán ard oilteachta i nGaeilge inár seirbhís leabharlainne. Tá an tseirbhís leabharlainne poiblí tiomanta maidir le tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge agus lena chinntiú go mbeidh fáil ar sheirbhísí Gaeilge trí réimse d'ábhair chomh leathan agus is féidir a chur ar fáil d'úsáideoirí na leabharlann. Tá roinnt mhaith leabhar Gaeilge sa stoc i stoc na leabharlann.

Ceannaítear leabhair nua Ghaeilge gach bliain agus cuirtear iad sin ar fáil do gach bunscoil sa chontae. Tugann Seirbhís Leabharlainne Scoileanna tacaíocht do na ceithre Ghaelscoil sa chontae. Is féidir le gach Gaelscoil úsáid a bhaint as an gClár Cuairteanna Scoile agus as aon chomhairle nó as aon chabhair ghairmiúil eile a sholáthraímid.

Gnóthaí Corparáideacha

Soláthraíonn Gnóthaí Corparáideacha tacaíocht don Bhainistíocht Shinsearach, don Mhéara agus d'Ionadaithe Tofa, do Chruinnithe Comhairle agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann leo. Tá an Rannóg freagrach as an bPlean Corparáideach, as an Tuarascáil Bhliantúil agus as an bPlean Cúraim Custaiméara a ullmhú, as riarachán na Scéime Deontais Ardoideachais, as Saoráil Eolais, agus as láimhseáil Sealúchais Chorparáidigh.

Oibríonn an tOifigeach Cúnta Gaeilge sa Rannóg go páirtaimsearach. Oibríonn sé as Gaeilge agus as Béarla. Cuidíonn an tOifigeach le freastal a dhéanamh ar riachtanais na Gaeilge sa rannóg agus i rannóga eile de réir mar a bhíonn riachtanach. Is é a ról ná polasaí dátheangach Údaráis Áitiúla Mhuineacháin a fhorbairt chun freastal ar chustaiméirí ar mian leo a ngnó leis an gComhairle a dhéanamh as Gaeilge. Comhoibríonn sé go dlúth leis an Oifigeach Gaeilge a bhfuil a oifig sa Rannóg Dóiteáin agus Smachtú Tógála.

Bóithre

Aithnítear sa Straitéis Náisiúnta Spáis go bhfuil Contae Mhuineacháin suite ar dhá bhealach straitéiseach, ceann ó Bhaile Átha Cliath go Doire agus go Dún na nGall ar bhealach a nascann Oirthear an chontae leis an Iarthuaisceart, an bealach eile ar bhealach nua Soir/Siar atá molta ó Dhún Dealgan go Sligeach. Tá tionchar suntasach ag príomhbhealach Náisiúnta an N2 ar fhorbairt an chontae, Réigiún na Teorann agus Réigiún an Iarthuaiscirt. Feidhmeoidh an Bealach Soir/Siar atá molta mar stiúthóir eacnamaíochta ar feadh na teorann agus tabharfaidh sé deiseanna do Chontae Mhuineacháin trí an contae a nascadh le bailte móra in oirthear agus in iarthar an chontae. Tá an na húdaráis áitiúla ag glacadh cur chuige forghníomhach maidir leis na polasaithe a bhfuil cuntas orthu sa Straitéis Náisiúnta Spáis chun tionscnaimh trasteorann agus Réigiúnacha a chur chun cinn. Tá siad gafa leis na bealaí straitéiseacha seo a phleanáil agus a thógáil.

Tá cainteoir líofa Gaeilge ag obair i Rannóg na mBóithre.

Tá an Rannóg Bóithre freagrach as bóithre nua agus mótarbhealaí a phleanáil, as a ndearadh agus a dtógáil, as an líonra bóithre atá ann cheana a chothabháil, lena n-áirítear soilsiú poiblí, bearta bainistíochta tráchta, foráil do shábháilteacht tráchta agus feidhmiú na seirbhíse maor scoile. Tagann comharthaíocht ar bhóithre agus eolas ar threonna faoi chúram na Rannóige Bóithre. Is chuig an gCoiste Logainmneacha a thagann comharthaíocht lena profú. Tá an tOifigeach Cúnta Gaeilge ina rúnaí ar an gcoiste seo.

Dóiteán agus Smachtú Togála

Feachann Údarás Doiteáin Mhuineacháin le seirbhísí nua-aimseartha éifeachtacha cosanta agus coiscthe dóiteáin a sholáthar d'uile limistéir sa chontae. Oibríonn an tOifigeach Gaeilge go páirtaimseartha sa rannóg seo.

Na hEalaíona

Is í ár n-aidhm ná tácu le cleachtadh na n-ealaíon, pé acu cineál nó meán, nuair a cheiliúránn se agus nuair a léiríonn sé an chruthaitheacht agus an cur in iúl. Bronann cleachtas na n-ealaíon luacha do thuigbheáil na háilleachta orainn a chuireann le feabhas an tsochaí. Chomh maith le luach intreach na n-ealaíon, baineann an luach shubstaintiúil agus aitheanta leo freisin go gcuireann na healaíona le forbairt shoch-eacnamúil an tsochaí. Is minic gur ocaid do cheiliúradh aonair agus pobail é an rannpháirtíocht in imeachtaí ealaíon.

Tugann Údarás Áitiúla Mhuineacháin aitheantas do seo agus tá foráil shubstaintiúil déanta aige sa réimse seo, lena fhorbairt agus lena infheistíocht leanúnach agus a chláraíocht d'Ionad agus Ailear Theach an Mhargaidh, an chead spás dílis do na hEalaíona á fheidhmiú agus faoi sheilbh an udaráis aidiuil. Cuidíonn an fhoráil seo le forbairt leanúnach na nEalaíon mar go gcuidíonn se le forás cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta an cheantair.

Tá cainteoir líofa Gaeilge ag obair i Oifig na nEalaíon.

2.4 Rannóga nach bhfuil cumas Gaeilge acu

Níl sé ar chumas na Rannóg seo a leanas seirbhís Ghaeilge duine le duine a chur ar fáil do chustaiméirí faoi láthair:

- Tithíocht
- Seirbhísi Uisce
- Pleanáil
- Comhshaoil
- Cosaint Comhshaoil agus Seirbhísí Cosanta & Éigeandála
- Pobal agus Fiontar agus Seirbhísí Cultúrtha
- Airgeadas
- Motárcháin
- Gnóthaí Corparáideacha
- Acmhainní Daonna
- Córais Eolais

Tithíocht

Is é aidhm na Comhairle a chinntiú go bhfuil gach teaghlach in ann áit chónaithe ar chaighdeán maith a fháil, atá oiriúnach dá riachtanais, i dtimpeallacht dheas, agus chomh fada agus is féidir ina rogha tionachta. Lena chinntiú go mbainfear amach an aidhm sin tá sé tábhachtach go ndéantar iad seo a leanas:

- Deireadh a chur le tithe mí-oiriúnacha agus tithe leis an iomarca daoine iontu.
- Éileamh le haghaidh tithe a chomhlíonadh.
- Feabhas a chur ar chaighdeán structúracha agus comhshaoil tithíochta.
- Úinéir áitiúchá a spreagadh chomh fada agus is féidir agus ag teacht le forbairt náisiúnta eacnamaíochta agus sóisialta.

Cabhraíonn Údarás Áitiúla Mhuineacháin leis na haidhmeanna mar seo a leanas:

- Ag bainistiú tithíochta atá curtha ar fáil ag an gComhairle agus páirtíocht tionónta a spreagadh.
- Ag cur tithíocht fhadtéarmach ar fáil do dhaoine a dteastaíonn sé uathu.
- Ag cur ardchaighdeán cóiríochta ar cíos ar fáil do dhaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa
- Cuidiú le daoine a gcuid tithíochta féin a chur ar fáil.
- Suímh phríobháideacha a sholáthar áit is féidir.
- Cuidiú chun tithíocht phríobháideach atá ann cheana féin a fheabhsú.
- Soláthar tithíochta agus láithreacha cónaithe páirceála carbhán don lucht siúil.

Seirbhísí Uisce

Is í Comhairle Chontae Mhuineacháin an t-aon údarás sláintíochta amháin atá freagrach as soláthar agus feidhmiú Seirbhísí Uisce (uisce agus fuíolluisce) ar fud an chontae. Chomh maith leis an mbainistiú a dhéanaimid ar scéimeanna uisce poiblí agus ar scéimeanna fuíolluisce – tá an Chomhairle freagrach as an gClár Uisce Tuaithe a riaradh freisin. Faoin gclár sin tá ról faireacháin ag an gComhairle ó thaobh maoirsiú a dhéanamh ar obair 13 Grúpscéimeanna Uisce laistigh den chontae. Comhlíontar an ról sin i gcomhpháirtíocht leis na Grúpscéimeanna Uisce agus le heagraíochtaí tuaithe eile faoi choimirce an Choiste Faireacháin Uisce Áitiúil. Cuireann an Chomhairle reachtaíocht Comhshaoil Eorpach chúí i bhfeidhm freisin, go háirithe Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce le hÓI) 2000 agus an treoir maidir le Leasú Fuíolluisce Uirbeach. Déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil monatóireacht agus iniúchadh ar ár gcuid seirbhísí.

Pleanáil agus Forbairt

Is é fis na Rannóige Pleanála an caighdeán is airde i bpleanáil agus i bhforbairt inbhuanaithe an Chontae uathúil seo a éascú agus a chur chun cinn. Tá sé mar fhís aici freisin go nglacfaidh a saoránaigh an pháirt is mó agus is féidir é i bhforbairt fhisiceach, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Chontae. Is é aidhm na Rannóige Pleanála dea-phleanáil agus dea-fhorbairt a bhaint amach sa chontae tríd an bPlean Forbartha Contae, cinntí a dhéanamh maidir le hiarratais ar cheadúnas pleanála, forbairt leanúnach a rialú agus caighdeán a fhorfheidhmiú.

Leagtar an dualgas a bhaineann le forbairtí nua i gComhairle Contae Mhuineacháin a ainmniú agus a uimhriú faoi shainchúram na Rannóige Pleanála a chinntíonn go gcuirtear aistriúcháin fheiliúnacha Ghaeilge ar fáil i gcónaí, i gcomhar leis na hOifigigh Ghaeilge agus leis an gCoiste Logainmneacha.

Taobhaíonn an Chomhairle go mór le húsáid ainmneacha Gaeilge le haghaidh forbairtí nua tithíochta. De réir Phlean Forbartha Chontae Mhuineacháin, 2007 – 2013, beidh ainmneacha a mholfar “dátheangach NÓ as Gaeilge amháin”. Beidh siad ar aon dul le logainmneacha áitiúla, le bailte fearainn, le gnéithe cultúrtha an réigiúin, srl. Ní úsáidfear ainmneacha nach bhfuil traidisiúnta nó logánta. Tá roinnt mhaith dá scéimeanna tithíochta sóisialta ainmnithe cheana as Gaeilge, m.sh., Tailte an Chlochair i gCarraig Mhachaire Rois agus Ard Liagar i gCluain Eois.

Cosaint Comhshaoil agus Seirbhísí Cosanta & Éigeandála

Tá cosaint comhshaoil mar phríomhábhar topaice sa réimse Idirnáisiúnta anois níos mó ná riamh. Is tríd an gComhshaol a chosaint áfach is féidir linn é a thabhairt slán do ghlúinte amach anseo.

Tá an Rannóg Comhshaoil freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar thalamh, uiscí agus aer an chontae a chosaint ó thruailleáin atá dochrach do dhaoine, d’ainmhithe agus do phlandaí faoi seach. Ach tá gach duine atá ina gcónaí agus ag obair sa chontae freagrach as an gcomhshaol a chosaint. Teastaíonn tacaíocht agus comhoibriú an phobail fhorleathain ó fhoireann na Comhairle chun a ndualgais a chomhlíonadh.

Tá raon leathan feidhmeanna comhshaoil ag an gComhairle lena n-áirítear:

- Bainistíocht Dramhaíola
- Rialú Bruscair
- Cosaint agus Feabhas ar Chaighdeán an Uisce
- Feasacht Chomhshaoil
- Sábháilteacht Bia
- Rialú Madraí

Pobal agus Fiontar agus Seirbhísí Cultúrtha

Aithníonn Údarás Áitiúla nach leor bun-infreastruchtúr fisiceach mar thithíocht, bhóithre, pháirceanna agus araile amháin a chur ar fáil do phobail nua. Aithníonn sí go bhfuil gá an duine féin a chur san áireamh chomh maith. Is é aidhm na Seirbhísí Pobail, trína bPolasaí Forbartha Pobail, cuidiú leis an bpobal comhshaol sóisialta agus eacnamaíoch níos fearr a chruthú. I measc na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil tá Tacaí Forbartha Pobail, Scéimeanna Deontais don Phobal, Comhairle na nÓg, Comhairle na bPáistí, Áiseanna do Dhaoine Óga, Ócáidí Pobail/Poiblí agus araile.

Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle, a bhaineann le hIoncam nó Caipiteal araon. Cuimsítear monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas i ngach réimse, iasachtaí fadtéarmacha agus riachtanais léasaithe a shocrú agus cistí barrachais a infheistiú leis seo.

Chomh maith leis sin bíonn an rannóg gníomhach go laethúil i gcúrsaí cuntasáíochta maidir leis an airgead a d'íoc an Chomhairle nó a íocadh leis an gComhairle. Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta. Cuirtear soláthar airgeadais ar fáil don Rannóg Corparáide le haghaidh cur chun cinn na Gaeilge.

Mótarcháin

Bíonn an Rannóg Mótarchánach/an Rannóg um Cheadúnú Tiománaithe ag déileáil le hidirbhearta a bhaineann go príomha le húinéireacht feithiclí, le cánachas feithiclí agus le ceadúnais tiomána a eisiúint. Tá líon iomlán na bhfeithiclí ceadúnaithe ag méadú i rith an ama, rud a mhéadaíonn, dá thoradh sin, líon na n-idirbheart a dhéantar a phróiseáil sa Rannóg Mótarchánach.

Acmhainní Daonna

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach as baill nua foirne a earcú agus a roghnú, as oiliúint agus forbairt foirne, as polasaithe neamhdhíobhálacha don teaghlach a chur chun cinn, as bainistíocht tinrimh, as caidrimh agus rannpháirtíocht idir fhostaithe san ionad oibre. Beidh ról suntasach ag an bpolasaí oiliúna i gcur i bhfeidhm rathúil na scéime seo.

Coráis Eolais

Tá Coráis Eolais freagrach as pleanáil straitéiseach, comhordú agus cur i bhfeidhm gach ní a bhaineann le Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) sna húdaráis áitiúla. Forbraítear cláir pholasaí agus oibre i gcomhair le rannóga eile chun léiriú a thabhairt ar riachtanais fhoriomlána na heagraíochta. Beidh baint shuntasach ag TFC maidir le soláthar faisnéise agus seirbhíse trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a éascú.

Caibidil 3

Gealltanais na Scéime chun Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhíse trí mheán na Gaeilge

3.1 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal

Soláthraítear go leor de mhodhanna cumarsáide Údaráis Áitiúla Mhuineacháin leis an bpobal, i dtéarmaí soláthair seirbhíse, trí Bhéarla i láthair na huaire, agus roinnt Gaeilge san áireamh.

I measc na modhanna cumarsáide sin tá:

- Bróisiúir & Bileoga Eolais
- Foirmeacha Iarratais
- Foilseacháin
- Preasráitis
- Láithreán Gréasáin
- Cumarsáid duine ar dhuine ag ár n-oifigí poiblí
- Cuairteanna oideachasúla ar scoileanna laistigh den chontae

Is iad seo a leanas na gealltanais sainiúla chun feabhas a chur ar an staid faoin scéim seo:

3.2 Doiciméadú Scríofa

(i) Bróisiúir, Bileoga Eolais & Foirmeacha Iarratais

- Beidh Réamhrá agus Achoimre ghairid as Gaeilge i ngach Foilseachán agus i ngach Bileog Eolais nua as seo amach chun an t-ábhar ginearálta a léiriú.
- Cuirfidh na húdaráis áitiúla fáilte roimh chomhfhreagras Gaeilge nó Béarla. Nuair a gheofar páipéarachas nua isteach cuirfear ráiteas ag lua go bhfuil fáilte roimh fhreagra as Gaeilge san áireamh ar ár bpáipéar ceanteidil, ar dhuillíní dea-mhéine, srl.
- Ní bheidh aon mhoill mhíchúí ar chomhfhreagras a dhéanfar leis na húdaráis áitiúla as Gaeilge. Gheobhaidh gach comhfhreagras freagra laistigh den spriocthréimhse atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta.
- Déanfar gach comhfhreagras i ndiaidh glaoch teileafóin nó comhrá duine ar dhuine i nGaeilge as Gaeilge mura dtugann an duine féin a mhalairt le fios.
- Beidh comhfhreagras a thioctaidh as cruinniú/comhrá teileafóin áit a bhfuil sé faighte amach gur fearr leis an gcustaiméir labhairt i nGaeilge, as Gaeilge, cé go bhféadfadh sé nach trí Ghaeilge a bhí an cruinniú/comhrá teileafóin sin.
- Gach Foirm Iarratais agus aon bhileoga eolais gaolmhara/a ghabhann leo a chuirfidh Údaráis Áitiúla Mhuineacháin le chéile, beidh siad dátheangach faoi dheireadh 2009. Beidh foirmeacha agus billeoga laistigh d'aon chlúdach amháin ach amháin i gcásanna nach bhfuil sé seo indéanta de bharr méid nó nádúir an doiciméid agus in sna cásanna sin beidh siad i mBéarla amháin agus i nGaeilge amháin.
- Beidh cáipéisí inmheánacha mar Bhileoga Ama, Fhoirmeacha Éilimh, srl. ar fáil go dátheangach nó i leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh.

(ii) Mórcháipéisí Beartais

- Foilseofar mórcháipéisí Beartais ar ár láithreán gréasáin i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna.
- Nuair a iarrfar sin, cuirfear cruachóip de cháipéisí mar sin nó leaganacha ar CD ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge laistigh d'aon chlúdach amháin.

(iii) Preasráitis

Cuirfear preasráitis a bhaineann le saincheisteanna Gaeilge ar fáil go dátheangach agus scaipfear iad ar mheáin na Gaeilge agus an Bhéarla ag an am céanna. Beidh achoimre as Gaeilge i ngach preasráiteas eile agus rún, má iarrtar sin, go gcuirfear an téacs iomlán ar fáil trí Ghaeilge. Beidh fiche is a cúig faoin gcéad de phreasráitis in aghaidh na bliana dátheangach.

3.3 Cumarsáid ó Bhéal

Déileálann an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha le fiosrúcháin ghinearálta ó chustaiméirí. Bíonn Fáilteoirí agus Oibreoirí Teileafóin ar na chéad phointí teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar pholasaí ag Údaráis Áitiúla Mhuineacháin a chinntiú go gcuirfear cleachtas caighdeánach Seirbhísí Custaiméirí ar Ard-Chaighdeán i bhfeidhm san earnáil seirbhíse seo. Is é sin faoi dheireadh na scéime:

- Beidh an fhoireann fáilte / lasc-chláir in ann ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt as Gaeilge.
- Beidh eolas acu ar a laghad ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge, agus beidh siad in ann ansin iarratas ar sheirbhís i nGaeilge a admháil. Cuirfidh siad custaiméirí i dteagmháil gan an iomarca moille leis an oifigeach cuí atá freagrach as an tseirbhís a sholáthar dóibh trí Ghaeilge, sa chás go bhfuil seirbhís den sórt sin ar fáil.
- Beidh ar a laghad duine amháin as an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus ar a laghad duine amháin i ngach leabharlann in ann seirbhís chuntair a chur ar fáil go dátheangach.
- Beidh siombail agus cumas cuardaigh ar an liostáil foirne ar an Inlíon a léireoidh na baill foirne atá ábalta agus toilteanach déileáil leis an bpobal trí mheán na Gaeilge.
- Mar chuid dár n-iarrachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn go dearfach sa phobal, cuimseoidh ócáidí poiblí mór le rá gné den dátheangachas ina n-imeachtaí.
- Tá Údaráis Áitiúla Mhuineacháin tiomanta maidir le roinnt Gaeilge a bheith ag baint le cuairteanna oideachasúla a thabharfar ar scoileanna áitiúla. Beidh réamhrá agus achoimre i nGaeilge in aon doiciméadúcháin a chruthófar do mhic léinn na scoileanna seo.

3.4 Teicneolaíocht Faisnéise agus na Cumarsáide

- Déanfar forbairt ar leathanach gréasáin ar leithligh chun naisc chuig gach ábhar Gaeilge a thabhairt le chéile laistigh den suíomh d'fhonn rochtain a dhéanfaidh cainteoirí Gaeilge ar ábhar cuí a éascú.

- Beidh an t-eolas ar an leathanach baile agus an cur síos ar gach Roinn ar fáil i nGaeilge faoi dheireadh na scéime. Déanfar é seo a ghníomhachtú trí chliceáil ar chnaipe “As Gaeilge”.
- Tá Comhairle Contae Mhuineacháin freagrach as suímh idirlín sna Comhairlí Baile i mBaile na Lorgan agus i gCluain Eois. Clúdófar na suímh sin faoi scéimeanna teanga eile a aontófar idir na hÚdaráis Áitiúla agus an tAire amach anseo.
- Déanfar forbairt ar an gcóras Inlín mar acmhainn foirne chun an dátheangachas a chur chun cinn: logainmneacha a litriú i gceart, cúnamh maidir le litreacha a scríobh, frásaí d’fháilteoirí, ainmneacha poist agus seirbhísí laistigh de na húdaráis áitiúla, óráidí foirmiúla, srl.
- Déanfar imscrúdú ar an gcumas atá ann chun cur le húsáid bogearraí aistriúcháin laistigh den eagraíocht.
- Beidh aon chórais nua ríomhairí a chuirfear isteach in ann an Ghaeilge a láimhseáil go hiomlán.
- Beidh gach córas ríomhaireachta atá ann, nuair is cuí, comhoiriúnach leis an nGaeilge i gcomhar leis an gcéad obair chothabhála nó uasghrádaithe eile atá pleanáilte.
- Beidh an séanadh caighdeánach ar chomhfhreagras ríomhphoist dátheangach ó thús na scéime.
- Cinnteoidh Údaráis Áitiúla mhuineacháin go n-ardófar an fháil, a bheidh ar na pacáistí ríomhairí ar fad atá luaite thuas chun an Ghaeilge a láimhseáil, i ngach teagmháil a bheidh ann ag an tús agus ina dhiaidh sin le comhairleoirí, cuideachtaí, srl. Tá Údaráis Áitiúla Mhuineacháin ag brath ar Bhord Seirbhísí Ríomhairí an Údaráis Áitiúil chun go leor dá cuid córas a sholáthar agus iarrfaimid go gcuirfeadh an Bord córais nua ar fáil a bheidh in ann an Ghaeilge a láimhseáil.
- Beidh gach foirm iarratais ar fáil don phobal trí Ghaeilge ar ár láithreán gréasáin. Beidh gach foilseachán a chaithfear a fhoilsiú as Gaeilge de réir Alt 10 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla ar fáil freisin ar ár láithreán gréasáin i nGaeilge.
- Tabharfar isteach aon seirbhísí idirghníomhacha nua a thugann deis don phobal i gcoitinne iarratais a dhéanamh nó sochair a fháil ar líne ag an am céanna sa dá theanga faoi dheireadh na scéime. Déanfar uasghrádu ar na córais atá ann faoi láthair a luaithe agus is féidir. Braithfidh an t-uasghrádu ar acmhainní a bheith curtha ar fáil i rannóg na gCóras Eolais agus ar an méid oibre eile a bheidh le déanamh san rannóg.
- Déanfar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar an ábhar a bheidh ar ár láithreán gréasáin féachaint le cur le hábhar Gaeilge an láithreáin.
- Déanfar forbairt ar Leathanach Gaeilge don Idirlíon agus don Inlín faoi dheireadh 2010, a chruinneoidh naisc chuig gach gné Ghaeilge dár láithreán gréasáin.
- Crochfar ceacht simplí Gaeilge go seachtainiúil ar ár nIdirlíon agus ar ár nInlín.
- Beidh gach foirm Ghaeilge a chuirfear isteach ar líne ar fáil ar ár láithreán gréasáin (nuair a bheidh an tseirbhís seo ar fáil) nó le híoslódáil.
- Leagfar síos seoladh ríomhphoist ghinearálta d’fhiosrúcháin ‘as Gaeilge’. Cinnteoidh Údaráis Áitiúla Mhuineacháin go dtabharfar aghaidh go tapa ar fhiosrúcháin den sórt sin ar an mbealach céanna le fiosrúcháin as Béarla.

3.5 Socrúchán Foirne

- Beidh aird againn, i gcomhthéacs bheartais soghluaisteacht na foirne, ar inniúlacht sa Ghaeilge (scríofa agus ó bhéal) áit a n-éascódh a leithéid d'inniúlacht baint amach thiomantais sainiúla a dhéantar sa scéim seo. Déanfar ionchorprú ar shaincheisteanna den sórt sin tríd an bpróiseas Comhpháirtíochta.

3.6 Oiliúint & Forbairt

Tuigean Údaráis Áitiúla Mhuineacháin an tábhacht atá le fórsa saothair ardoilte a bheith ann lena chinntiú go ndéantar seachadadh éifeachtúil agus éifeachtach ar an tseirbhís. Má leantar leis an bhfeabhsúchán leanúnach, caithfidimid an t-eolas, na scileanna agus inniúlachtaí uile na foirne a fhorbairt go dtí a gcumas iomlán. Beidh infheistíocht mhór i gcúrsaí oiliúna agus forbartha i gceist leis seo.

I bhfianaise na straitéise thuas mar a achoimrítear í sa Phlean Corparáideach agus sa scéim seo, déanfaidh an na húdaráis áitiúla iad seo a leanas:

- Aithneoidh siad, i ngach Stiúrthóireacht, foirne le scileanna réasúnta nó maithe Gaeilge ach nach bhfuil líofa go fóill agus tairgfídh sí oiliúint dóibh sa Ghaeilge thar thréimhse na scéime;
- Leanfaidh siad ag tabhairt tacaíochta do sholáthar raon cúrsaí oiliúna Gaeilge ar ardchaighdeán don fhoireann i rith uaireanta oibre agus ina ndiaidh. Beidh sé seo mar chuid thábhachtach de phlean oiliúna iomlán an Údaráis;
- Soláthróidh siad raon cúrsaí trí mheán na Gaeilge do bhail foirne atá líofa sa teanga faoi láthair (m.sh. aistriúchán comhuaineach, scileanna meán, úsáid na Gaeilge ar ríomhairí, scileanna gramadaí agus scríbhneoireachta litreacha, srl.);
- Soláthróidh siad ábhair agus acmhainní Gaeilge (foclóirí, bogearraí ríomhairí, foilseacháin, srl.) don fhoireann chun forbairt agus seachadadh seirbhísí trí Ghaeilge a spreagadh;
- Cuirfidh siad feacht teanga san áireamh mar chuid de chúrsaí oiliúna Seirbhíse Custaiméirí agus Ionduchtaithe lena chinntiú i dtaca leis an bhfoireann
 - (a) go mbeidh tuiscint acu ar cén fáth go gcuireann Comhairlí beartas dátheangach i bhfeidhm,
 - (b) go mbeidh an fhoireann ar an eolas go hiomlán faoin tionchar a bheidh ag an mbeartas ar a gcuid oibre,
 - (c) go bhfaighidh an fhoireann tuiscint ionbháúil ar na riachtanais agus ar an imní a bhíonn ag custaiméirí Gaeilge;
- Déanfaidh siad imscrúdú ar mheicníochtaí eile (m.sh. scéimeanna dámhachtana) chun forbairt seirbhísí trí Ghaeilge na foirne agus na mball a spreagadh agus a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt dá gcuid iarrachtaí.
- Éascóidh siad seachadadh an Teastais Teanga Eorpaigh agus cúrsaí Dioplóma trí Ghaeilge do bhail agus don fhoireann ar spéis leo iad.

3.7 Logainmneacha

Leanfaidh Údarás Áitiúla Mhuineacháin ag tabhairt tacaíochta d'obair An Choiste Logainmneacha. Leanfaidh siad ag cur úsáid na Gaeilge chun cinn chomh maith le heolas, cultúr agus oidhreacht áitiúil le linn di logainmneacha a roghnú d'fhorbairtí nua, idir chinn phoiblí agus phríobháideacha.

3.8 Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Gaeilge Eile

Aithníonn Údarás Áitiúla Mhuineacháin agus tuigeann siad na tosaíochtaí teangeolaíocha áirithe atá ag Naíonraí agus ag Gaelscoileanna i gContae Mhuineacháin, chomh maith le heagraíochtaí Gaeilge eile, agus ag grúpaí atá ag feidhmiú ar fud an chontae agus go náisiúnta. Éascófar soláthar seirbhísí trí Ghaeilge do na comhlachtaí agus do na grúpaí áirithe seo le linn na scéime seo.

Eagróidh an Chomhairle fóram bliantúil chun cur ar chumas gach duine agus grúpa laistigh den chontae ar spéis leo é teacht le chéile agus comhordú a dhéanamh ar chur chun cinn na Gaeilge.

3.9 Go Ginearálta

Déanfaidh Údarás Áitiúla Mhuineacháin iad seo a leanas:

- Soláthróidh siad dóthain acmhainní chun an Scéim a chur i bhfeidhm;
- Cuirfidh siad le Scéim Scoláireachta na Gaeltachta ó 2008;
- Soláthróidh siad cúnaimh do mhic léinn na hArdteistiméireachta agus iad ag ullmhú dá scrúdú béil i nGaeilge;
- Cuideoidh siad le ceolchoirmeacha ceoil agus amhránaíochta traidisiúnta as Gaeilge;
- Cuideoidh siad leis an Scéim Ealaíon;
- Maoineoidh siad cur chun cinn litríocht na Gaeilge;
- Cothóidh siad léitheoireacht trí Ghaeilge i ndaoine óga le cúnaimh na leabharlann;
- Cuirfidh siad leabhair Ghaeilge ó údair as Cúige Uladh ar fáil ina cuid leabharlanna;
- Cuideoidh siad leis an nGaeilge a chur chun cinn i ngnáthghníomhaíochtaí an lae agus in ócáidí an phobail i gcoitinne;
- Beidh idirchaidreamh acu le heagraíochtaí mar an C.L.G. agus comhoibreoidh siad leo chun an teanga a chur chun cinn.

Caibidil 4

Monatóireacht, Athbhreithniú & Foilsiú na Scéime

4.1 Monatóireacht & Athbhreithniú

Gach mí tiocfaidh Coiste Forfheidhmithe na Scéime le chéile chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime. Déanfaidh Údarás Áitiúla Mhuineacháin athbhreithniú ar fheidhmiú éifeachtúil na scéime seo mar chuid dá bpróiseas bliantúil athbhreithnithe ar a bhfeidhmiúchán. Déanfaidh siad measúnú go rialta ar na cúrsaí oiliúna, ar na cinn Ghaeilge ach go háirithe agus ar na cinn tugtha i nGaeilge, le fáil amach cé chomh héifeachtach is a bhaineann siad spriocanna na gComhairlí amach. Ullmhóidh na hoifigigh Ghaeilge tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn faoin scéim agus cuirfidh na hOifigigh faoi bhráid na Foirne Bainistíochta í. Foilseofar sonraí faoin dul chun cinn chomh maith i dTuarascáil Bhliantúil Údarás Áitiúla Mhuineacháin.

4.2 Foilsiú na Scéime

Cuirfear ábhar na scéime seo os comhair an phobail i gcoitinne trí:-

- ◆ Preaseisiúint
- ◆ Seoladh Oifigiúil
- ◆ Í a fhoilsiú ar Idirlíon na Comhairle, ar an Inlíon, ar shuíomh gréasáin na Leabharlainne
- ◆ Ár gcustaiméirí a chur ar an eolas faoi fheabhsúcháin i seirbhísí Gaeilge
- ◆ Í a scaipeadh ar ghníomhaireachtaí cuí, ar chomhlachtaí pobail agus ar dhaoine aonair a léirigh suim sa scéim agus ar aon duine nó ar aon ghníomhaireacht a chuir aighneacht chugainn.

Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.